Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**10505/22**

| | |
|---|---|
| **AUDIO 58** | **DISINFO 57** |
| **HYBRID 65** | **EUAM UKRAINE 27** |
| **JAI 928** | **JAIEX 72** |
| **FREMP 139** | **POLGEN 92** |
| **CATS 43** | **JUSTCIV 91** |
| **ASIM 57** | **COHOM 65** |
| **PROCIV 87** | **DIGIT 125** |
| **AG 72** | **EJN 25** |
| **BY 5** | **EUROJUST 78** |
| **RELEX 856** | **COPEN 251** |
| **COEST 475** | **DATAPROTECT 199** |
| **CULT 66** | **CYBER 233** |
| **SOC 392** | **GENDER 116** |
| **VISA 111** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cosaint agus sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Meitheamh 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cosaint agus sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

TUGANN SÍ DÁ hAIRE AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Tá an daonlathas bunaithe ar fheidhmiú an chirt chun tuairimí a nochtadh agus saoirse tuairimíochta agus saoirse faisnéise, as líne agus ar líne araon. Tá an méid sin i gcroílár ghairm na hiriseoireachta agus ní mór timpeallacht a bheith ag gabháil leis atá in ann cosaint agus sábháilteacht a chur ar fáil d'iriseoirí agus do ghairmithe sna meáin.

2. Sa lá atá inniu ann, is iomaí iriseoir agus gairmí eile sna meáin nach bhfuil in ann oibriú gan bhac agus go neamhspleách pé áit is mian leo, mar ba cheart dóibh a bheith. Tá na bacainní ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse faisnéis a chur in iúl agus ionsaithe orthu ag dul i líon san Eoraip agus in áiteanna eile ar fud an domhain[1]. Is mó fós an baol a bhíonn orthu i gcoinbhleachtaí armtha. Cé gur maith mar fhoinse faisnéise neamhchlaonta iad, agus iad riachtanach chun fíricí a bhunú agus chun coinbhleacht a thuiscint, bíonn siad nochta go mór agus tarlaíonn sé gur spriocanna iad féin, mar atá á fheiceáil againn leis an bhfogha míleata leanúnach atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin faoi láthair[2].

---

1 I Rún A/C.3/L.49/Rev1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, *The safety of journalists and the issue of impunity*, dúradh gur mór an chúis imní an méadú mór atá tagtha ar líon na n-iriseoirí agus na hoibrithe sna meáin ar fud an domhain a maraíodh, a céasadh, a coinníodh, a ciapadh agus a ndearnadh imeaglú orthu le blianta beaga anuas, mar thoradh díreach ar an ngairm a bhí acu: https://documents-dds-ny.un.org/doc/UNDOC/LTD/N21/329/42/PDF/N2132942.pdf?OpenElement

2 Mar a thuairiscítear ar ardán Chomhairle na hEorpa the Council of Europe's Platform to promote the protection of journalism and safety of journalists (https://fom.coe.int/en/pays/detail/11709594). Féach freisin Tuarascáil Bhliantúil 2022 ó eagraíochtaí comhpháirtíochta Ardán Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint Iriseoireachta agus Sábháilteacht Iriseoirí a Chur Chun Cinn, *Defending Press Freedom in Times of Tension and Conflict* (https://rm.coe.int/platform-protection-of-journalists-annual-report-2022/1680a64fe1).

3. Bíonn an iliomad bagairtí á ndéanamh ar iriseoirí agus ar ghairmithe eile sna meáin agus bíonn orthu dul i ngleic le gníomhartha a mbíonn i gceist leo stiogmatú, imeaglú, faireachas neamhdhleathach agus foréigean i bhfoirm díobháil fhisiciúil agus shíceolaíoch, nó fiú dúnmharú, ionchúiseamh mailíseach, brú eacnamaíoch míchuí, agus damáiste dá gclú agus dá gcáil. Bíonn an foréigean sin i gceist ar líne freisin, i bhfoirm maslaí, gríosú chun fuatha, ciapadh agus bagairtí báis.

4. Cúis imní ar leith é cás na mbaniriseoirí[3]: bíonn baol breise ó thaobh líon agus cineál, i gceist ina gcás siúd. Is iomaí cineál foréigin inscnebhunaithe a bhíonn ann, lena n-áirítear ciapadh ar líne, éigniú agus bagairtí báis, agus gríosú chun fuatha. Bíonn tionchar díréireach ag na bagairtí sin freisin ar iriseoirí ar de ghrúpaí mionlaigh iad nó de ghrúpaí atá imeallaithe go sóisialta[4].

5. Is ag dul i bhforbhás atá staid eacnamaíoch iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin. Mar gheall ar éiginnteacht airgeadais agus eacnamaíoch go leor de na meáin, atá le feiceáil agus roinnt mhaith díobh ag dúnadh, is leochaileach cás na ngairmithe sna meáin. Thairis sin, tarlaíonn sé uaireanta go gcuireann riachtanas na héifeachtúlachta nó an bhrabúis, go háirithe i gcás na meán príobháideach, go gcuireann siad as do choinníollacha agus do cháilíocht na hoibre a bhíonn ag iriseoirí in amanna. Leis an gclaochlú digiteach agus leathnú na ngníomhaithe domhanda agus na líonraí sóisialta atá in iomaíocht leis na heagraíochtaí meán sa mhargadh fógraíochta ar líne[5] mar aon le hiarmhairtí na paindéime[6], ar fhulaing na heagraíochtaí meán caillteanais ioncaim lena linn ar mhó i bhfad iad ná an laghdú náisiúnta ar ioncam, is ag dul in olcas atá an éiginnteacht eacnamaíoch a bhíonn ag gabháil d'iriseoirí agus do ghairmithe eile sna meáin.

---

**3** Féach e.g. *Media Pluralism Monitor Report*, 2021; Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) *Violence against women: an EU-wide survey* [Foréigean in aghaidh na mBan: Suirbhé ar fud an Aontais Eorpaigh], 2014; FRA, *Crime, safety and victims' rights* [Coireacht, sábháilteacht agus cearta íospartach]*,* 2021; Tuarascáil bhliantúil ó na heagraíochtaí comhpháirtíochta chuig Ardán Chomhairle na hEorpa chun Cosaint na hIriseoireachta agus Sábháilteacht Iriseoirí a Chur Chun Cinn, 2021; UNESCO, *Online violence against women journalists: a global snapshot of incidence and impacts,* 2020; UNESCO, *The Chilling global trends in online violence against women journalists*, 2021; ESCE, *Resource Guide on the Safety of Female Journalists Online*, 2020; Tuarascáil ESCE, *Violence against women journalists and politicians: a growing crisis*, 2021.

**4** IPI, *Newsroom Best Practices for Addressing Online Violence against Journalists*.

**5** Conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint, Nollaig 2020.

**6** Roberta Carlini agus Konrad Bleyer-Simon: *Media economy in the pandemic: a European perspective* ; Tuarascáil Theicniúil; An Lárionad um Shaoirse agus Iolrachas na Meán (CMPF), 2021/01.

6. Thíolaic an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Treoir maidir le himeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí[7], ina moltar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle coimircí nós imeachta i gcoinne cásanna den sórt sin a thabhairt isteach, agus Moladh[8] a ghabhann leis lena dtugtar treoir do na Ballstáit maidir leis na hábhair sin.

7. Iarradh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach[9] Straitéis Eorpach d'Éiceachóras na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach a chur chun feidhme d'fhonn, *inter alia*, rochtain ar fhaisnéis maidir leis an maoiniú atá ar fáil a éascú d'ionaid meán tríd an treoir maidir le maoiniú CultureEU agus an uirlis léarscáilithe idirghníomhach do na meáin chlosamhairc agus nuachta a chumasc, ionas go mbeidh tairseach dhigiteach ilteangach aonair ag gairmithe meán nuachta agus ag cuideachtaí, ina liostaítear na deiseanna éagsúla maoinithe atá ar fáil dóibh.

8. Leanfaidh an Coimisiún Eorpach de thacaíocht a thabhairt in 2022 don Sásra mearfhreagartha le haghaidh sáruithe ar shaoirse an phreasa agus na meán mar chuid de Chlár Eoraip na Cruthaitheachta, lena gceadaítear tacaíocht, *inter alia*, do chomhoibriú trasteorann idir na meáin, lena n-áirítear iriseoireacht neamhspleách agus imscrúdaitheach, i bhfoirm deontais Comhpháirtíochta Iriseoireachta[10].

---

[7] 8529/22 - COM(2022) 177 final.
[8] C(2022) 2428 final.
[9] Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Eorpach a fhorbairt d'Éiceachóras Thionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta', an 4 Aibreán 2022 (2022/C 160/06).
[10] Clár oibre bliantúil 2022 le haghaidh chur chun feidhme an chláir Eoraip na Cruthaitheachta, https://culture.ec.europa.eu/document/2022-annual-work-programme-creative-europe-programme

IS DÍOL SÁSAIMH DI AN MÉID SEO A LEANAS:

9. An 16 Meán Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Moladh maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú, ar tábhachtach an treoir do na Ballstáit é. D'fhógair an Coimisiún Eorpach go bhfuil sé ar intinn aige staidéar a fhoilsiú, *inter alia*, maidir leis na táscairí a úsáideadh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta uaidh, lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsábháilteacht ar líne agus go háirithe ar an tacaíocht d'iriseoirí ban agus dóibh siúd ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

10. A moladh, faoi chuimsiú an Fhóraim Eorpaigh um Meáin Nuachta atá ann cheana féin, go n-eagrófaí plé agus malartú dea-chleachtas ar bhonn rialta maidir le cosaint agus sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin, agus go n-éascófaí idirphlé leis na geallsealbhóirí maidir le forbairtí ábhartha.

11. Leanúint de mheastóireacht a dhéanamh ar na treoirthionscadail agus na gníomhaíochtaí ullmhúcháin atá ann cheana chun tacú le saoirse agus iolrachas na meán, d'fhonn iad a dhéanamh níos fairsinge agus níos fadtéarmaí.

12. An cistiú a mhéadú a dhéantar ar iriseoireacht neamhspleách agus imscrúdaitheach[11], a chuireann go mór leis an saol poiblí agus daonlathach, ag tógáil *inter alia* ar an Tionscnamh Nuachta[12] agus ag tarraingt ar, mar shampla, InvestEU.

13. Sábháilteacht ar líne agus saoirse cainte d'iriseoirí agus do ghairmithe eile sna meáin a chur san áireamh i ngach tionscnamh ábhartha a leanann ó straitéis dhigiteach an Aontais.

---

**11** Bíonn an iriseoireacht á treorú ag prionsabail eitice, amhail fírinneacht, modhanna iomchuí fíoraithe agus cruthúnais, agus neamhchlaontacht sa chur i láthair, sa chur síos agus san insint, mar a cuireadh in iúl i Rún 1003 (1993) ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa – Eitic na hIriseoireachta, agus i Rún 2066 (2015) – Freagracht agus eitic na meán i dtimpeallacht athraitheach meán, agus i Moladh CM/Rec(2022)4 ó Chomhairle na hEorpa ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le timpeallacht fhabhrach d'iriseoireacht ar ardchaighdeán a chur chun cinn sa ré dhigiteach

**12** https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/news-initiative

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

14. A mholadh go ndéanfaí foghlaim ar feadh an tsaoil[13] maidir le hiriseoirí agus gairmithe sna meáin a chosaint, do na geallsealbhóirí uile lena mbaineann, amhail bainisteoirí seomraí nuachta, údaráis forfheidhmithe dlí, breithiúna agus údaráis eile a bhíonn páirteach i sábháilteacht dhigiteach.

15. A mholadh go bhforbrófaí tionscnaimh litearthachta sna meáin agus san fhaisnéis lena ndírítear ar fheasacht a mhúscailt maidir le sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin[14].

16. Sábháilteacht ar líne agus cumhachtú digiteach iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin a chur chun cinn, go háirithe i ndáil le hiriseoirí baineanna, daoine ar de mhionlaigh nó de ghrúpaí atá imeallaithe go sóisialta iad, mar shampla trí chruthú grúpaí saineolaithe tiomnaithe a chothú a d'fhéadfadh faisnéis a bhailiú agus dea-chleachtais a roinnt maidir leis an gcaoi le haghaidh a thabhairt ar ionsaithe agus ar bhagairtí ar líne, rud a d'fhéadfadh ionadaithe na meán agus rialtóirí ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát, oifigigh forfheidhmithe dlí agus oifigigh cibearshlándála a thabhairt le chéile.

17. A mholadh go mbeadh comhar níos dlúithe ann idir na hardáin ar líne agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil saineolas ar leith acu maidir le hionsaithe comhordaithe ar líne, bagairtí, ciapadh, faireachas ar líne nó gríosú chun fuatha i gcoinne iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin a chomhrac, d'fhonn na bagairtí sin a thuiscint ar bhealach níos fearr, chun freagairt dóibh ar bhealach níos fearr agus chun cleachtais na n-ardán a oiriúnú dá réir. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, trí idirphlé rialta a bhféadfadh na húdaráis phoiblí a bheith páirteach ann.

---

**13** Mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

**14** Féach Moladh CM/Rec(2016)4 ó Chomhairle na hEorpa maidir le hiriseoireacht agus sábháilteacht iriseoirí agus gníomhaithe eile na meán a chosaint.

18. Tacú le cur chun feidhme tionscadal agus tionscnamh chun iriseoirí baineanna agus daoine ar de mhionlaigh iad a chosaint, agus go háirithe na tionscadail agus na tionscnaimh lena bhféadfar feabhsuithe a dhéanamh maidir le trédhearcacht agus faisnéis faoi ionsaithe agus idirdhealú ina gcoinne, agus tionscadail agus tionscnaimh a chuireann comhionannas agus cuimsiú i dtionscal na meán agus i seomraí nuachta chun cinn, chomh maith le tionscnaimh a spreagann feasacht faoin fhoréigean agus ciapadh i gcoinne iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin a chosc agus a chomhrac.

19. Feabhas breise a chur, go háirithe trí thaighde, ar an eolas atá ag daoine faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghairmithe sna meáin agus faoi na dea-chleachtais a d'fhéadfadh cabhrú leo, go háirithe a mhéid a bhaineann lena gcosaint agus lena sábháilteacht i limistéir coinbhleachtaí armtha.

20. Tacú le tionscnaimh agus sásraí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus airgeadais na n-asraonta meán, lena n-áirítear an chuid a eascraíonn as trasuí na gceart comharsanachta a thugtar isteach le haghaidh foilsitheoirí preasa i dTreoir (AE) 2019/790[15], agus an chuid arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar earcú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin, agus staidéir a dhéanamh ar a ndálaí oibre, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019.

21. Tionscnaimh agus sásraí a chur chun cinn lena dtugtar tacaíocht d'iontrálaithe óga agus nua ar mhargadh saothair na n-iriseoirí agus na ngairmithe sna meáin, chomh maith le saoririseoirí agus saorghairmithe sna meáin agus na daoine atá ag obair sna meáin áitiúla agus réigiúnacha, rud a neartódh a tsaoirse atá acu chun faisnéis a chur ar fáil.

---

**15** Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IOL 130, 17.5.2019, lch. 92–125).

22. Tacú le tionscnaimh agus sásraí lena gcuirtear malartú agus treisiú dea-chleachtas gairmiúil chun cinn, go háirithe trí fheasacht a ardú i measc daltaí iriseoireachta agus meán maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith acu le linn a ngairmréime amach anseo agus maidir leis na bealaí is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu, agus rannpháirtíocht níos mó a chur chun cinn i dtaithí shuntasach Eorpach le linn a gcuid staidéir ionas go mbeidh siad in ann timpeallachtaí éagsúla agus cleachtais éagsúla imscrúdaithe agus foilseacháin a fhionnadh.

23. A mholadh go ndéanfadh an earnáil tionscnaimh agus táscairí a fhorbairt le haghaidh iontaofacht na n-eagraíochtaí nuachta agus na meán, amhail iriseoirí a fhostú, seiceálaithe fíricí agus gairmithe eile sna meáin, agus é mar aidhm ardáin agus fógróirí a spreagadh chun freagracht a léiriú i dtaca le páirt a ghlacadh i bhfaisnéis iontaofa agus i bpeirspictíochtaí éagsúla.

24. Gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin ar fud an domhain a chosaint sna fóraim iltaobhacha ábhartha, sa chaidreamh déthaobhach, ar an leibhéal náisiúnta agus i dtionscnaimh idirnáisiúnta chun iriseoirí agus an tsaoirse chun faisnéis a chur ar fáil a chosaint, agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint agus ar shábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin atá ag obair i limistéir choinbhleachta nó atá ag teacht as na limistéir sin.

25. Tacú le hiriseoirí agus le gairmithe eile sna meáin atá ag iarraidh coinbhleachtaí armtha a chumhdach ar bhealach neamhspleách neamhchlaonta, go háirithe an fogha míleata atá á thabhairt faoi láthair ag an Rúis faoin Úcráin, agus tionscnaimh a spreagadh lena gcuirtear chur cinn agus lena scaiptear a saothar, mar shampla codanna tiomnaithe sna seirbhísí meán, go háirithe i dteanga na hÚcráine.

26. Tacú le hiriseoirí agus gairmithe sna meáin atá neamhspleách agus atá ar deoraíocht, go háirithe ó thíortha amhail an Úcráin, an Bhealarúis agus Cónaidhm na Rúise, i bhfianaise a gcásanna aonair agus na cúiseanna go bhfuil siad ar deoraíocht. Maidir leis an tacaíocht sin, i gcás inarb ábhartha, d'fhéadfadh sé gurb éard a bheadh inti, cúnamh gairmiúil, airgeadais, sóisialta, riaracháin nó dlí, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach, agus bheadh sí dírithe ar dhálaí oibre sábháilte a chruthú agus ar chúnamh a thabhairt maidir lena ngníomhaíocht ghairmiúil a atosú, mar shampla trí chónaitheachtaí nó trí thionscnaimh lena n-éascaítear sainaithint deiseanna fostaíochta.

27. Malartú ar thaithí na mBallstát maidir leis an gcaoi is fearr le fáilte a chur roimh iriseoirí agus roimh ghairmithe eile sna meáin ó réigiúin atá buailte le coinbhleacht.

28. Dea-chleachtais a mhalartú agus cur chun feidhme na gconclúidí seo faoi 2025 a mheas.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

***Conarthaí an Aontais Eorpaigh***

- An Conradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagal 2 de: 'Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.'

- An Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe Airteagal 11 di: 'Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime. Folóidh an ceart sin saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha.'

***DOICIMÉID ÓN gCOMHAIRLE***

- Conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint (2020/C 422/08)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Eorpach a fhorbairt d'Éiceachóras Thionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta an 4 Aibreán 2022

- Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (2019/C 387/01)

***Doiciméid ón gCoimisiún***

- *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the European Democracy Action Plan* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach], COM(2020) 790 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, '*Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation*' [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an gClaochlú,] COM(2020) 784 final)

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún, *2021 Rule of Law Report*, [Tuarascáil 2021 ón gCoimisiúin maidir leis an Smacht Reachta], COM/2021/700 final

- Moladh (AE) 2021/1534 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú

***Doiciméid ó Chomhairle na hEorpa***

- Moladh CM/Rec(2016)4 ó Chomhairle na hEorpa maidir le hiriseoireacht agus sábháilteacht iriseoirí agus gníomhaithe eile sna meáin a chosaint

- Rún maidir le sábháilteacht iriseoirí (2021)

- Moladh CM/Rec(2022)4 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le timpeallacht fhabhrach a chur chun cinn d'iriseoireacht ar ardchaighdeán sa ré dhigiteach

***Doiciméid ó na Náisiúin Aontaithe***

- Rún 2222 (2015) ón gComhairle Slándála maidir le cosaint iriseoirí agus saincheist na saoirse ó phionóis

- Rún A/C.3/76/l.a9/Rev1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, *The safety of journalists and the issue of impunity*

- Tuarascáil 2021, *Violence against women journalists and politicians: a growing crisis*